



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2025
(OR. en)

9444/25
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0125 (NLE)

CCG 18

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	26 Bealtaine 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 252 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa nós imeachta i scríbhinn ag Rannpháirtithe an tSocrailthe maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil a mhéid a bhaineann leis an líne choiteann chun incháilitheacht cabhrach ceangailte a dheonú don Úcráin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 252 annex.

Faoi iamh: COM(2025) 252 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.5.2025
COM(2025) 252 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa nós imeachta i scríbhinn ag Rannpháirtithe an tSocraithe maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil a mhéid a bhaineann leis an líne choiteann chun incháilitheacht cabhrach ceangailte a dheonú don Úcráin

IARSCRÍBHINN

DRÉACHT-LÍNE CHOITEANN

1. Uimhir thagartha: Le cinneadh
2. Ainm na tíre is ceann scríbe: An Úcráin
3. Ainm an cheannaitheora/iasachtaí: Neamhbhainteach
4. Tuairisc ar an idirbheart: Neamhbhainteach
5. Téarmaí agus coinníollacha

I gcomhréir le gach airteagal eile den socrú

6. Togra le haghaidh Líne Choiteann

An Úcráin a ghlacadh le bheith incháilithe chun cabhair cheangailte a fháil, go neamhspleách ar na critéir a leagtar amach in Airteagal 32 den Socrú.

Tiocfaidh an beart i bhfeidhm láithreach agus beidh feidhm aige go ceann 2 bhliain tar éis dó teacht i bhfeidhm.

Féadfaidh idirbhearta a thagann faoi raon feidhme an tsocraithe tairbhiú den tacaíocht oifigiúil faoi théarmaí agus coinníollacha na líne coitinne seo ar choinníoll na nithe seo a leanas:

- Fuarthas an t-iarratas ar chabhair cheangailte faoi dheireadh thréimhse bhailíochta na líne coitinne seo ar a dhéanaí, agus
 - Is é rud go bhfuil dáta an ghealltanais deiridh laistigh de 18 mí tar éis dheireadh thréimhse bhailíochta na líne coitinne seo
7. Tréimhse tairisceana: Neamhbhainteach
 8. Náisiúntacht agus ainmneacha tairgeoirí aitheanta: Neamhbhainteach
 9. Eolas eile

I gcomhréir le hAirteagal 32 den Socrú, ní chuirfear cabhair cheangailte ar fáil do thíortha a bhfuil a OIN *per capita*, de réir shonraí an Bhainc Dhomhanda, os cionn na huasteorann le haghaidh tíortha íseal-mheánioncaim. Ní dhéanfar tír a athaicmiú chun críocha incháilitheacht cabhrach ceangailte a bhaineann leis an Socrú ach amháin sa chás nach bhfuil aon athrú tagtha ar a catagóir de réir an Bhainc Dhomhanda ar feadh 2 bhliain i ndiaidh a chéile. Déantar aicmithe ioncaim tíre an Bhainc Dhomhanda a thabhairt cothrom le dáta gach bliain ar an 1 Iúil, bunaithe ar OIN *per capita* (modh Atlas) na bliana féilire roimhe sin.

An 1 Iúil 2024, ar bhonn shonraí 2023, d'aicmigh an Banc Domhanda an Úcráin den chéad uair mar thír ard-mheánioncaim (4 950 USD OIN *per capita* agus tairseach do thíortha ard-mheánioncaim socraithe ag 4.516 USD¹). Má sheasann an Banc Domhanda leis an aicmiú sin an 1 Iúil 2025, déanfaidh Rúnaíocht ECFE an Úcráin a athaicmiú go huathoibríoch, chun críocha an tsocraithe, mar thír neamhcháilithe do chabhair cheangailte.

Dúirt an Banc Domhanda i mí Iúil 2024 go raibh athrú i dtreo aicmiú de chatagóir níos airde tugtha don Úcráin mar thoradh ar atosú ar fhás OTI inti (fás arna spreagadh ag gníomhaíocht tógála (24,6 %), rud a léiríonn méadú suntasach ar chaiteachas infheistíochta a thacaíonn le hiarracht atógála na hÚcráine tar éis scriosadh leanúnach), ar laghdú ar an daonra (níos mó ná 15 %) agus ar

¹ In 2023, tháinig méadú 26 % ar OIN *per capita* na hÚcráine. In 2022, bhí OIN *per capita* na hÚcráine i bhfad faoi bhun na tairisí le haghaidh tíortha ard-mheánioncaim (3.930 USD agus tairseach le haghaidh tíortha ard-mheánioncaim socraithe ag 4.466 USD).

mhéaduithe ar phraghsanna earraí agus seirbhísí a tháirgtear ar bhonn intíre. I bhfianaise fhás réamh-mheasta OTI na hÚcráine in 2024 agus an laghdaithe leanúnaigh ar an daonra i comparáid leis na figiúirí a bhí ann roimh an gcogadh, is cosúil gur bhféadfadh an Úcráin a bheith aicmithe mar thír ard-mheánioncaim i gcónaí.

Measann an tAontas maidir le forálacha Airteagal 32 den Socrú i dtaca leis an modheolaíocht chun stádas incháilitheachta tíre a chinneadh nach bhfuil na forálacha sin oiriúnach do staid shonrach na hÚcráine.

Níor cheart athaicmiú na hÚcráine mar thír neamhcháilithe do chabhrach ceangailte chun críocha an tSocráithe a bheith ina thoradh ar OIN *per capita* boillscithe na hÚcráine agus ar aicmiú ioncaim uasghrádaithe an Bhainc Dhomhanda toisc nach dtiocfadh sé leis an bpríomhchúis atá le cabhair cheangailte a thoirmeasc i gcás tíortha ard-mheánioncaim, i.e. chun saobhadh trádála a sheachaint agus chun maoiniú onnmhairiúcháin a spreagadh de réir théarmaí caighdeánacha an tSocráithe seachas de réir téarmaí cabhrach ceangailte. Tá an Úcráin fós lagaithe go mór mar gheall ar an ngéarchéim, agus ní léiriú é aicmiú ioncaim uasghrádaithe an Bhainc Dhomhanda go bhfuil fiormhéadú mór tagtha ar gheilleagar na hÚcráine sa mhéid agus gcuirfí trádáil chaighdeánach chun cinn seachas cabhair a thabhairt. Os a choinne sin, tá sé rithabhachtach do na Rannpháirtithe go mbeidh gach foinse sheachtrach a d'fhéadfadh a bheith ann ar fáil i gcónaí chun atógáil na hÚcráine a mhaoiniú, ar feadh tréimhse theoranta le linn an ama atógála.

Thairis sin, ba mhaith leis an Aontas a chur i bhfios go láidir nach fasach do na Rannpháirtithe a bheadh sa chinneadh gan cloí le haicmiú tíre an Bhainc Dhomhanda agus stádas incháilitheachta cabhrach ceangailte a chinneadh. In 1991, chinn na Rannpháirtithe nach mbeadh tíortha a bhíodh mar chuid de Bhloc an Oirthir incháilithe chun cabhair cheangailte a fháil, beag beann ar a n-aicmiú tíre de réir an Bhainc Dhomhanda. Bhí an fhoráil sin (an 'toirmeasc bog' mar a thugtar air) sa Socrú go dtí 2012.

Is fiú a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ag an mBanc Domhanda faoi láthair ar a mhodheolaíocht maidir le haicmiú ioncaim tíre.

Ar deireadh, cuireann an tAontas i bhfios go láidir nár cheart glacadh na líne coitinne sin a bheith ina fhasach 'infheidhme go huathoibríoch' do chásanna a bheidh ann amach anseo ina bhfuil comhthéacs eisceachtúil geopholaitiúil agus eacnamaíoch le cur san áireamh agus gur cheart aghaidh a thabhairt ar na cásanna sin leis an leibhéal céanna breithnithe agus anailíse.